AN tSEACHTAIN GHUÍ LE hAONTACHT CHRÍOSTAÍ 2025

# *An gcreideann tú an méid sin?*



**A wyt ti'n credu hyn?**

**Do you believe this?**

**A bheil thu a' creidsinn seo?**

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©

## 18-25 MÍ EANÁIR 2025

www.ctbi.org.uk/weekofprayer



Deilbhín de Chríost ag an mainistir ag Bose, grianghraf le Jim Forest

Ag croílár an mhachnaimh a rinneamar le linn na Seachtaine Guí le hAontacht Chríostaí, tá an cheist a chuir Íosa ar Mharta: 'An gcreideann tú an méid sin?' (Eoin 11:26). Bhain an cheist chéanna le hábhar le linn phlé na chéad Chomhairle Éacúiméiní, a tháinig le chéile in Nicaea sa bhliain 325, áit ar bhailigh pobail Chríostaí ó gach cearn den domhan chun a gcaidrimh mar Eaglais Íosa Críost a neartú. D'fhéadfadh sé go bhféadfadh dúshlán mór a bheith ag baint leis an gceist a thuiscint ina haonar, ach ó scéal an tSoiscéil is léir go labhraítear focail Íosa i ngrá agus go dtuigtear iad mar chuireadh chomh maith le dúshlán. Ar an gcaoi chéanna, cé nach raibh Comhairle Nicaea gan a dúshláin féin agus í ina hEaglais chréachtaithe scaipthe, rinne sí iarracht fírinne theachtaireacht an tSoiscéil a aithint, agus ba léir go raibh fonn ann ceangal agus muintearas a dhoimhniú agus maireachtáil go dílis mar dheisceabail Chríost.

Ag machnamh ar na tréimhsí sin, meabhraítear dúinn gur tacaíocht agus gur dúshlán araon atá i dtíolacadh ár gcreidimh. D'fháiltigh an Eaglais Dhomhanda agus comhlachtaí éacúiméineacha roimh an 1700ú comóradh ar Chomhairle Nicaea i mbliana le díograis dhóchasach, agus spreagadh réimse leathan imeachtaí agus idirphlé. Tá meas air mar thréimhse shuntasach den stair chomhroinnte ar

fud na dtraidisiún Críostaí éagsúil, in ainneoin an iliomad bealaí ina bhféadfadh ár gcosáin a bheith éagsúil sna blianta ó shin. D'fhan cuid acu níos cóngaraí don Eaglais a bhí beartaithe ag Nicaea agus tá an-tábhacht ag baint le Cré Nícé mar ráiteas creidimh, agus ghlac cuid eile acu le múnlaí Eaglaise nach mbaineann leis an gcré, múnlaí a chuireann béim níos mó ar bhealaí eile chun an creideamh Críostaí roinnte a léiriú. Breathnú siar le chéile ónár ndearcthaí éagsúla, sin deis chun tuiscint agus caidrimh a dhoimhniú, agus ár n-aontacht san éagsúlacht a neartú.

Cé go n-aithnímid an luach a bhaineann le breathnú siar air seo, tuigimid freisin gur gá machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuilimid ag freagairt do cheist Chríost i gcúinsí an lae inniu, ag smaoineamh de réir mar a dhéanaimid sin ar an méid a d’fhéadfaimis a fhoghlaim ó shampla agus ó thaithí Nicaea.  Ceist thábhachtach ina leith sin, agus ceist a bhfuil sé mar aidhm ag acmhainní na Seachtaine Guí le hAontacht Chríostaí freagra a thabhairt uirthi: Cén bhaint atá aige seo le saol agus le misean na hEaglaise?

Tá deis ann ceiliúradh a dhéanamh agus neart agus spreagadh a tharraingt ó thíolacadh ár gcreidimh roinnte. Sna hamanna trioblóideacha agus suaite seo, is féidir linn croí a ghlacadh ó bhuanseasmhacht an chreidimh sin. An Eaglais a bailíodh i Nicaea, is eaglais í ar baineadh preab aisti agus ar ghortaigh foréigean agus géarleanúint í agus dá bhrí sin, bhí sí gar d’fhulaingt na daonnachta. Tugadh deis di idirphlé a dhéanamh leis an gcumhacht pholaitiúil, rud a chruthaigh roghanna deacra faoin mbealach is fearr le Dea-Scéal an tSoiscéil a roinnt mar dheisceabail dhílse Chríost, nach den saol seo a Ríocht. I saol deighilte an lae inniu, agus an bonn bainte den mhuinín as toilteanas na gcumhachtaí agus na n-údarás polaitiúil, lena n-áirítear an Eaglais, na daoine is leochailí a chosaint, conas a d’fhéadfadh athnuachan ar ár dtiomantas don aontacht Chríostaí cur le hathrú dearfach?

Tá fís nua don tsíocháin de dhíth ar ár ndomhan deighilte agus scoilte, fís atá dírithe ar aitheantas a thabhairt dár n-idirnascthacht agus dár ndaonnacht chomhroinnte. Agus sinn ag teacht le chéile chun an comóradh seo a cheiliúradh, tá deis againn ceisteanna crua a chur faoi na rudaí a d'fhéadfadh a bheith ag dul i bhfeidhm ar ár bhféiniúlacht chomhroinnte mar Chríostaithe agus ar ár bhfianacht chomhchoiteann don domhan.  Cuirtear i gcuimhne dúinn cumhacht chlaochlaitheach ár gcreidimh a thugann dóchas dúinn san fhulaingt tríd an ngealltanas go ndéanfar gach duine a athnuachan i gCríost.

**An Dr Nicola Brady, Ard-Rúnaí,**
**Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire**



Paidreoireacht ag an mainistir ag Bose

I mbliana ba é pobal Bose a d'ullmhaigh an ceiliúradh éacúiméineach, sin mainistir éacúiméineach bráithre agus siúracha i dtuaisceart na hIodáile. In Bose, faigheann saol an phobail a mhúnla ó rithim na paidreoireachta rialta. De réir mar a ghlaonn na cloigíní ar na siúracha, na bráithre agus na haíonna chun urnaí, tagann siad go léir le chéile san eaglais.

Agus sinn ag ceiliúradh 1,700 bliain ó bhí Comhairle Nicaea ann, is é Cré Nícé atá i gcroílár na seirbhíse adhartha. Tugtar sin san áireamh i léamha scrioptúir na bliana seo, agus díríonn siad isteach ar an gcreideamh.

Ag an tseirbhís seo, tugtar cuireadh don phobal a tionóladh machnamh a dhéanamh ar an scéal faoi admháil Marta gur chreid sí in Íosa mar a insítear in Eoin 11:17-27. Iarrtar ar gach duine suí le ceist ghríosaitheach Íosa faoi Mharta: "An gcreideann tú an méid sin?"

Mar fhreagra ar fhógairt an Bhriathair, dearbhaímid ár gcreideamh le chéile in aithriseoireacht shollúnta ar Chré Nícé. Fógraítear an chuid seo trí sholas Chríost

a roinnt, solas a seasann coinnle lasta dó. Déantar coinnle a dháileadh agus scaipeann an solas le linn an tionóil. Seasaimid le chéile mar sholas an domhain, aontaithe i ngrá, ag dearbhú: "Creidimid…". Ag deireadh na cré, cuirtear na coinnle lasta le chéile i ngabhdán atá oiriúnach agus sábháilte, chun iad a dhó le chéile mar mheabhrúchán ar ár ngairm leanúnach chuig aontacht Chríostaí.

Gné shainiúil eile d'adhradh na bliana seo is ea scríbhneoirí luath-Chríostaí a chuimsiú, go háirithe i bpaidreacha an idirghuí. Maidir le bráithre agus siúracha Bose, is foinse bheo iad na scríbhneoirí seo dá saol comhroinnte.

## ÁBHAR DO GACH LÁ DEN tSEACHTAIN GHUÍ

I measc na dtéacsanna a chuirtear ar fáil le haghaidh paidir phearsanta nó chomhchoiteann do gach ceann de na hocht lá tá dhá léamh scrioptúir agus salm. Aibhsíonn na téacsanna bíobla do gach lá príomhráitis Cré Nícé ina dhiaidh sin.

Lá 1: Atharthacht agus máithreachas Dé, arb é a rialaíonn an chruinne

Lá 2: An cruthú mar shaothar Dé

Lá 3: Ionchollú an Mhic

Lá 4: Mistéir na Cásca: Paisean, Bás agus Aiséirí Íosa

Lá 5: Spiorad Naoimh, anáil Dé

Lá 6: An Eaglais: Pobal na gcreidmheach

Lá 7: Baisteadh i mBás agus Aiséirí an Tiarna

Lá 8: Ag Fanacht leis an Ríocht

Mainistir ag Bose



# Atharthacht agus máithreachas Dé, arb é a rialaíonn an chruinne

## Léamha Scrioptúir

Íseáia 63:15-17

Salm 139:1-3, 13, 23-24

1 Corantaigh 8:5-6

## Tráchtaireacht

Aithníonn scríbhneoirí ársa, agus aithnítear sa Bhíobla féin, cáilíochtaí an Athar agus na Máthar i nDia, faoi mar a dhéanann Cléimeans Chathair Alastair, duine de na tráchtairí is luaithe, a thug suntas do 'chomhbhá Dé a d'fhág gur mháthair dúinn é'. Ní féidir linn ollmhéid na cruinne a shamhlú i ndáiríre, áit a dtógfaidh sé cúig mhíle déag de bhlianta ar an modh iompair is gasta is féidir linn a cheapadh faoi láthair chun an córas réalta is gaire dár ngrian a bhaint amach, ach is féidir linn tosú ar thuiscint a fháil ar mhíorúilt na coda bige bídí sin den chruinne ina mairimid. Níl gach rud timpeall orainn 'geal agus álainn' agus táimid féin tar éis mí-úsáid a bhaint as ár ndomhan, ach is é Dia 'a iarrann orainn i gcónaí a shaibhreas a thógáil agus flúirse a thabhairt óna stór, go mb'fhéidir go mbeimis féin saibhir trína chuid seoda gan bheith bocht' (Philoxenus Mabbug). Bímid i gcónaí aireach ar an saibhreas a chuirtear de chúram orainn agus ar an bpribhléid agus ar an bhfreagracht a bhaineann leis an maoirseacht sin.

## Ceisteanna

1. Cén taithí atá agat ar chúram athartha Dé agus ar chomhbhá mháithriúil Dé i do shaol féin?
2. Cad a chuireann bac orainn aitheantas a thabhairt do gach duine mar pháiste Dé?
3. Maidir lena admháil gur Dia Athair an uile dhuine, cén tionchar a bhíonn aige sin ar an dearcadh atá againn ar dhaoine eile agus ar an gcaidreamh atá againn leo, bíodh sin daoine béal dorais nó daoine ar mhór-roinn eile?

# Paidir

Beannaímid duit, a Thiarna, a Athair
na soilse:
is uait a thagann gach dea-rud agus
gach sárthíolacadh.
Rinne tú an domhan agus a bhfuil ann,
is tusa Tiarna neimhe agus na talún.
Chruthaigh tú na pobail go léir a
chónaíonn ar domhan.
Bhunaigh tú dóibh ord an ama agus
teorainneacha a gcuid spáis.
I gcroílár na ndaoine, chuir tú
doimhneacht na síoraíochta.
Athmhúscail ionainn an aontacht atá
scoilte de dheasca ár leithleachais
i do Eaglais agus ar aon domhan
amháin atá timpeall orainn.
A Dhia an uile Ghlóire,
iarr orainn leanúint duit
agus daingnigh dúinn saothar ár lámh
Molaimid thú, trí Íosa Críost, an
t-Aon-Mhac a rugadh duit,
i gcomaoin an Spioraid Naoimh.
**ÁIMÉAN.**

# Machnamh

An méid seo go léir,
cad é atá ann?
Cad is 'ann' ann ar chor ar bith?
Is tusa a thuigeann, is ag tomhas a
bhímidne.
Las sinn, a Bheith Is Mó, las sinn le
hiontas na beithe,
nuair is dual dár dtuiscint géilleadh
do d'fhorlámhas.

# Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Smaoinigh ar conas is féidir leat cabhrú leis an gcuid den domhan ina gcónaíonn tú a athnuachan. Cén gníomh beag seirbhíse nó cúraim a d'fhéadfá a dhéanamh chun difríocht a dhéanamh?

**Áitiúil:** Conas a d'fhéadfá oibriú le heaglaisí eile chun grá Dé a léiriú i do phobal? Tabhair cuireadh d'eaglaisí in aice leat an cheist seo a iniúchadh le chéile.

**Domhanda:** Faigh deiseanna chun foghlaim faoi do chomharsana domhanda agus chun teagmháil a dhéanamh leo. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin naisc idirnáisiúnta d'eaglaise a neartú nó dul i ngleic le saincheisteanna domhanda amhail an ghéarchéim aeráide.

# Lá 2

## An cruthú mar shaothar Dé

### *Léamha Scrioptúir*

Geineasas 1:1-5

Salm 148:1-14

Rómhánaigh 8:19-23

### *Tráchtaireacht*

Scríobh Teofal Aintíochach sa dara haois: 'Ní féidir Dia a fheiceáil le súile an duine, ach feictear é agus braitear é trína oirchill agus trína shaothar. Amhail i gcás duine a fheiceann long lánfheistithe ag dul isteach i gcalafort agus a ghlacann leis go bhfuil píolóta aici chun í a stiúradh, ní mór dúinne a thuiscint gurb é Dia píolóta na cruinne ar fad, cé nach bhfuil sé infheicthe ag súile na feola toisc go bhfuil sé dothuigthe.' Scríobh Íosác Ninivé na céadta bliain ina dhiaidh sin gurb é an 'chéad leabhar a thug Dia do neacha réasúnacha ná nádúr na nithe cruthaithe. Cuireadh an teagasc dúigh isteach i ndiaidh an chiona. Na focail seo atá á léamh agat anois, tá siad priontáilte i ndúch ar leathanach, nó atáirgeadh iad go leictreonach ar líne, agus ní féidir leo marc Dé ar an gcruthú a léiriú ach ar éigean. Mura féidir linn iontas a dhéanamh ar obair Dé mar Chruthaitheoir, ní féidir linn iontas a dhéanamh.

### *Ceisteanna*

1. Creidimid go bhfuil Dia i láthair sa chruthú uile cé go mbíonn sé deacair a láithreacht a bhrath uaireanta. Cad é láithreacht Dé i do thaithí ar an gcruthú?
2. Is é an cruthú tíolacadh Dé, tíolacadh atá faoi réir fulaingt, ar daoine is cúis léi go minic. Cén obair a dhéanann na heaglaisí i do phobal chun fulaingt an chruthaithe a leigheas san áit a bhfuil tú?
3. Maidir le Dia a aithint mar an Cruthaitheoir, cén tionchar a bhíonn aige sin ar do dhearcadh ar éagsúlacht an tsaoil dhaonna?

### *Paidir*

Molaimid thú agus gabhaimid
　　buíochas leat,
a Dhia an ghrá dhaingin,
as mórchomharthaí d'fhabhair
agus as do thrócaire don chruthú
　　ar fad.
Is tú a rinne gach ní:
dhearbhaigh tú gur maith iad,
Agus gur breá leat a dtugann beatha.
Fógróimid go ghlóir, a Thiarna,
feictear í i bhfairsinge ollmhór na
　　cruinne agus sa síol is lú den saol.

Gabhaimid buíochas leat as saothar do lámh
agus as gach pobal a chruthú.
Is beannaithe thú as an aer a thugann beatha dúinn.
Is beannaithe thú as an talamh a chothaíonn sinn.
Is beannaithe thú as an uisce a mhúchann ár dtart.
Is beannaithe thú as an tine a thugann teas dúinn.
A Thiarna Dia, a Athair na soilse,
neartaigh ár gcroí sa dúil agus sa dóchas
agus sinn ag obair ar son na haontachta agus sinn ag iarraidh gach cineál cruthaithe
a thabhairt le chéile.
Bímis inár lampaí ar dó,
go dtaga an lá a thiocfaidh do Mhac i nglóir,
a naoimh go léir in éineacht leis insa ríocht shíoraí.
Is beannaithe thú, anois agus go deo, agus le haois na haoiseanna.
**ÁIMÉAN.**

## *Machnamh*

Fiú agus grá againn don saol
is dual dúinn taithí a bheith againn leis an bpian,
mar nach féidir grá a bheith ann gan chaillteanas.
Amhail tú féin, ár nDia, darb eol grá caillte
agus creideamh a ceannaíodh le baois,
tabhair dúinn an neart
le grá a bheith againn dá chéile
agus le gur mó é an grá ná pian an diúltaithe.

## *Téigh agus Déan*

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Faigh amach faoi bhealaí cruthaitheacha chun a bheith ag guí, trí ealaín, ceardaíocht nó sa nádúr.

**Áitiúil:** Téigh sa tóir ar shéipéal nó grúpa in aice leat atá ag gníomhú chun aire a thabhairt don domhan nádúrtha. Faigh amach conas is féidir leat cabhrú leo.

**Domhanda:** Smaoinigh ar an gcaoi ar féidir le do ghníomhartha dochar a dhéanamh do dhomhan Dé in áiteanna atá i bhfad uait. Cad is féidir leat a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt air seo?

# Lá 3

## Ionchollú an Mhic

### *Léamha Scrioptúir*

Irimia 33:14-16

Salm 72:12-14

Eoin 1:1-14

### *Tráchtaireacht*

'I dtosach', Dia, an té a mhaireann as a chaidreamh leis an Mac agus leis an Spiorad, thaispeáin sé a chroí dá neacha daoine dile, ar in íomhá Dé, i gcosúlacht Dé agus as anáil Dé a cruthaíodh iad. Bhí Dia chomh tiomanta sin nár scaradh é ónar chruthaigh sé in ainneoin feall na peaca daoine. Gan é, táim scartha ón rud a cheadaíonn dúinn an saol a chaitheamh ar an mbealach is fearr is féidir linn. Caillimid an fhíorfhéiniúlacht atá againn. Sheol sé a Mhac Dhiaga chun bheith in éineacht linn inár ndaonnacht, agus thug sin bunchuspóir dúinn.

'Rinneadh duine daonna de, chun go mairfimis arís tar éis dul ar shlí na fírinne inár ndaoine, agus chun nach mbeadh an bás i réim a thuilleadh orainn.' *Atanáis Chathair Alastair*.

Gníomh corraitheach ceannairceach ab ea é seo, agus má ghlacaimid leis, ba cheart é a bheith ina bhonn de gach gné dár saol agus sinn ag iarraidh a mheon a thuiscint, meon a nochtar trí na soiscéil. An té sin a d'ísligh é féin, rinne sé seirbhíseach de féin le teann grá agus iarrann sé orainn, a phobal, iarrann sé orainn grá a bheith againn dó agus do dhaoine eile ar bhealach dinimiciúil ar gach bealach cruthaitheach is féidir.

*'Rinneadh feoil den Bhriathar agus chónaigh sé inár measc, agus chonacamar-na a ghlóir, a ghlóir mar Aonghin ón Athair, lán de ghrásta agus d'fhírinne.' – Eoin 1:1-14*

### *Machnamh*

An gang mé?
An mbíonn glór uaim mar a bheadh
ó chiombal?
An mbím ag argóint,
an gcuirim deireadh le caidrimh?
An mbíonn ag cúiseamh?
An dtugaim breithiúnas?
An críonna, an labhraím go díreach,
an eol dom gach ní?
An dtugaim uaim gach aon ní?
An ndéanaim troscadh chun báis?
An ndéanaim gach aon rud
ach go dteipeann orm
grá a bheith agam?
Bíodh a fhios agat, a dhuine dhil,
cibé áit a shuíonn tú tú féin,
thuas nó thíos,
aimsítear tú, tugtar grá duit, baintear
áthas asat
agus faigheann tú cosaint
dhoshamhlaithe.
Faigheann tú cumhacht ó do chuid
laigeachtaí.

Léirigh an leagan is fearr díot féin trí mhianach an tsearbhónta.
Cónaímid ar domhan ina bhfuil an iomad den 'Mise, mé féin.'
Trí ghrá osnádúrtha ár Slánaitheora
a ndearnadh feoil de,
bí tusa i do ghníomhaire ar son an athraithe,
agus faigh lúcháir i ngrá a thabhairt.
Ullmhaíonn grá den sórt sin an duine chun umhlaíochta.

*'Is é an grá an gníomhaíochas is ceannaircí ar fad,*
*an t-aon rud ar dá thoradh a d'athraigh aon duine riamh,'*
*arsa Ann Voskamp*

## Paidir

Briathar Dé
chun taispeáint dúinn conas grá a bheith againn.
Ceadaímis duit ár saol a roinnt i ngach ní.
A Thiarna Dia, ár nAthair,
tarraing ort ár súile
ionas gur in éineacht le chéile mar do phobal,
a shiúlfaimid ón dorchadas i dtreo sholas d'aghaidhe
arb é Íosa a nochtfaidh dúinn í,
do Mhac dil, ár mbráthair agus ár Slánaitheoir,
an té a chónaíonn taobh leat, a chónaíonn ar do dheis
anois agus ar feadh na síoraíochta.
**ÁIMÉAN.**

## Ceisteanna

1. De réir mar a fhoghlaimímid faoi Íosa trí na soiscéil a léamh, cad iad na céimeanna atá á nglacadh againn chun a bheith mar an 'leagan is fearr dínn féin'?
2. Cén taithí atá againn ar ghrá agus ar shaol Íosa inár bpobail?
3. Conas a dhéanaimid guí le hÍosa ar son riachtanais an domhain inniu?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Déan machnamh ar dheasghnáthacht dhaonna shaol Íosa – ag taisteal, ag ithe, ag caint, ag ligean a scíthe. Cá háit i do ghnáthaimh laethúla a gcastar leat Íosa?

**Áitiúil:** Iarrann Íosa orainn bualadh leis trínár ngrá agus trínár gcúram do dhaoine eile (Matha 25:40). Cé hiad na daoine i do phobal ar gá aire a thabhairt dóibh agus conas is féidir leat cabhrú leo?

**Domhanda:** Roghnaigh trí áit ar fud an domhain chun guí iontu go rialta. Foghlaim faoi na háiteanna sin mar threoir do do chuid paidreacha agus gníomhartha.

# DÁTAÍ

Is iad na dátaí a bhaineann leis an tSeachtain Ghuí don Aontacht Chríostaí de ghnáth ná an 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanna eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincíse go mórmhór, ar dáta tábhachtach iad d'aontacht na heaglaise. Déanaigí bhur gcinneadh féin maidir leis seo, ag brath ar cad a oireann go háitiúil. Chuige sin a bhaintear leas as córas an 1-8 seachas dataí ar leith a roghnú. Faoi mar atá, beidh sé ar chumas gach grúpa an t-ábhar a úsáid pé lá is mian leo féin é.

# ORDÚ SEIRBHÍSE

Is féidir an t-ordú seirbhíse a fhaightear i lár an phaimhpléid a tharraingt amach agus a chóipeáil más gá. Is féidir ina theannta sin gach acmhainn a íoslódáil ó shuíomh idirlín an CTBI, agus míle fáilte romhaibh bhur gcuid féin a dhéanamh díbh d'fhonn úsáid áitiúil a bhaint astu. Tugaigí aitheantas le bhur dtoil d'Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire, an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, a sholáthair an t-ábhar.

# FALLA NA HAONTACHTA CRÍOSTAÍ

Bheimis buíoch dá gcuirfeadh sibh chugainn sonraí agus grianghraif bhur gcuid imeachtaí, maille le paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta ar "bhalla" na haontachta Críostaí de chuid www.weekofprayer.org trína bheith ag tvuíteáil chuig an haischlib #wpcuwall. Beidh na póstálacha le feiceáil go huathoibríoch (tar éis cúpla nóiméad nó mar sin).

# CREIDIÚINTÍ GRIANGHRAFADÓIREACHTA

Tá an grianghraf clúdaigh ceadúnaithe le húsáid ag eaglaisí agus ag grúpaí a chuireann ár n-ábhar in oiriúint don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2025, agus acu siúd a fhógraíonn ár n-acmhainní freisin. Cuir creidiúint isteach mar atá thíos:

**Grianghraf clúdaigh, lch. 13 agus lch. 14-23:** Leo Lintang / Alamy Stoc Photo.
**L. 2, 4 agus 5:** Jim Forest, arna úsáid le cead.
**L. 24:** Pixabay / Pexels
**Clúdach cúil:** Flickr / L.C. NØttaasen.

AN tSEACHTAIN GHUÍ LE hAONTACHT CHRÍOSTAÍ 2025

# AN tORD ADHLACTHA




© Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire

churches together
IN BRITAIN AND IRELAND

# TREOIR DÓIBH SIÚD ATÁ AG ULLMHÚ AN ADHARTHA

I mbliana ba é pobal Bose a d'ullmhaigh an ceiliúradh éacúiméineach, sin mainistir éacúiméineach bráithre agus siúracha i dtuaisceart na hIodáile. In Bose, faigheann saol an phobail a mhúnla ó rithim na paidreoireachta rialta. De réir mar a ghlaonn na cloigíní ar na siúracha, na bráithre agus na haíonna chun urnaí, tagann siad go léir le chéile san eaglais.

Agus sinn ag ceiliúradh 1,700 bliain ó bhí Comhairle Nicaea ann, is é Cré Nícé atá i gcroílár na seirbhíse adhartha. Tugtar sin san áireamh i léamha scrioptúir na bliana seo, agus díríonn siad isteach ar an gcreideamh.

Ag an tseirbhís seo, tugtar cuireadh don phobal a tionóladh machnamh a dhéanamh ar an scéal faoi admháil Mharta gur chreid sí in Íosa mar a insítear in Eoin 11:17-27. Iarrtar ar gach duine suí le ceist ghríosaitheach Íosa faoi Mharta: "An gcreideann tú an méid sin?"

Mar fhreagra ar fhógairt an Bhriathair, dearbhaímid ár gcreideamh le chéile in aithriseoireacht shollúnta ar Chré Nícé. Fógraítear an chuid seo trí sholas Chríost a roinnt, solas a seasann coinnle lasta dó. Déantar coinnle a dháileadh agus scaipeann an solas le linn an tionóil. Seasaimid le chéile mar sholas an domhain, aontaithe i ngrá, ag dearbhú: "Creidimid….". Ag deireadh na cré, cuirtear na coinnle lasta le chéile i ngabhdán atá oiriúnach agus sábháilte, chun iad a dhó le chéile mar mheabhrúchán ar ár ngairm leanúnach chuig aontacht Chríostaí.

Gné shainiúil eile d'adhradh na bliana seo is ea scríbhneoirí luath-Chríostaí a chuimsiú, go háirithe i bpaidreacha an idirghuí. Maidir le bráithre agus siúracha Bose, is foinse bheo iad na scríbhneoirí seo dá saol comhroinnte.

*De réir mar a thagann an pobal isteach, tugtar coinneal do gach duine (gan í a bheith lasta)*

# *Cuireadh*

Ceannaire Seacht gcéad déag bliain ó shin, tar éis tréimhse fhada géarleanúna agus eagla, bhailigh an Eaglais i Nicaea chun an creideamh Críostaí a dhearbhú.
An creideamh seo, ársa i gcónaí, nua-aimseartha i gcónaí, is é ár n-aoibhneas gan staonadh é. D'éirigh Críost ón uaigh, fuair sé an ceann is fearr ar an mbás agus ar an dorchadas agus thug sé beatha shíoraí dúinn!

Ceannaire Moladh le Dia, anois agus go brách.
Téanaimis, umhlaímis sinn féin roimh an Tiarna Dia.

**Tionól** **A Dhia Naoimh, atá Naofa agus Láidir, Naofa agus Neamhbhásmhar, déan trócaire orainn.**

Ceannaire Ceiliúraimis aoibhneas an aiséirithe.

# *Iomann nó amhrán aiséirithe*

Ceannaire Guímis.

A Dhia, an Cruthaitheoir, tugaimid adhradh agus ómós duit.
De bhrí go seasaimid leis an gcruthú go léir, tá a fhios againn gur le haghaidh do ghlóir a rinneadh sinn.
De bhrí gur léiriú sinn ar d'íomhá agus ar do chosúlacht, braithimid do thadhall ar ár saol.
De bhrí gur cuimhin linn do dhílseacht, beannaímid thú ionas nach dtréigfidh tú sinn choíche.
De bhrí go gcloisimid do ghairm orainn, trí mheán scéalaíochta, naomh agus saoithe,
beannaímid thú as do láithreacht láidir inár measc.

A Thiarna na beatha, tugaimid adhradh agus ómós duit.
De bhrí go seasaimid ag do tuama, le Muire, déanaimid gol.
Mar gheall nach aithne dúinn thú, éistimid nuair a ghlaonn tú orainn as ár n-ainm.
De bhrí gurb aithne arís dúinn thú, is mian linn cloí leat.
Le do ghrá milis, slánaíonn tú sinn
agus cuireann tú iallach orainn daoine eile a ghairm chun chun beatha i d'ainm.

A Spiorad na cumhachta, tugaimid adhradh agus ómós duit.
De bhrí gur cuimhin linn scéal an chruthaithe, braithimid do láithreacht aireach.
De bhrí gur ag taisteal ón sclábhaíocht atáimid, leanaimid thú chun na saoirse.
De bhrí go seasaimid os comhair na croise, iarraimid thú sa dorchadas.
De bhrí gur ag dó le do tine atáimid, is éigean dúinn an deisceablacht.

Cruthaitheoir Dia, Tiarna na Beatha, Spiorad na Cumhachta,
Tugaimid adhradh agus ómós duit,

**Tionól** **Áiméan.**

# *Éisteacht le Briathar Dé*

## *Léamh Machnaimh (le haghaidh trí ghuth)*

*Eoin 11:17-27*

Léitheoir 1 — Ar theacht d'Íosa dá réir sin, fuair sé Lazaras agus é ceithre lá cheana féin sa tuama. Bhí Béatáine timpeall chúig staid déag ó Iarúsailéim. Bhí cuid mhór Giúdach tagtha ag triall ar Mharta agus ar Mháire chun sólás a chur orthu i ndiaidh a ndearthár.

(Tost)

Léitheoir 2 — Nuair a chuala Marta mar sin go raibh Íosa tagtha, chuaigh sí amach ina choinne. D'fhan Máire ina suí sa teach. Dúirt Marta ansin le Íosa, "A Thiarna, dá mbeifeá-sa anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás. Ach tá a fhios agam anois féin, cibé ní a iarrfaidh tú ar Dhia, go dtabharfaidh Dia duit é."

(Tost)

Léitheoir 3 — Dúirt Íosa léi: "Éireoidh do dheartháir arís." "Tá a fhios agam," arsa Marta leis, "go n-éireoidh sé arís san aiséirí an lá deireanach." Dúirt Íosa léi: "Mise an t-aiséirí agus an bheatha. An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé, agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa, ní bhfaighidh sé bás choíche. An gcreideann tú an méid sin?" "Creidim, a Thiarna," ar sí, "creidim gur tú Críost, Mac Dé, atá ag teacht ar an saol."

(Tost)

Léitheoir 1 — An gcreideann tú an méid sin?

(Tost)

Léitheoir 2 — An gcreideann tú an méid sin?

(Tost)

Léitheoir 3 — An gcreideann tú an méid sin?

**Tionól** — **Creidimid, cabhraigh lenár ndíchreideamh.**

# *Léamh Soiscéil*

*Eoin 20:24-29*

Tomás, duine den dáréag ar a dtugtaí an Leathchúpla, ní raibh sé leo nuair a tháinig Íosa. Dúirt na deisceabail eile leis: “Chonaiceamar an Tiarna.” Ach dúirt seisean leo: “Mura bhfeicfidh mé rian na dtairní ar a dhearnana, agus mo mhéar a chur i bpoll na dtairní, agus mo lámh ina chliathán, ní chreidfidh mé.”

Ocht lá ina dhiaidh sin, bhí a dheisceabail istigh arís, agus Tomás in éineacht leo. Tháinig Íosa agus na doirse faoi ghlas, sheas sé ina measc agus dúirt: “Síocháin daoibh!” Ansin dúirt sé le Tomás: “Tabhair i leith do mhéar agus féach mo dhearnana. Sín amach do lámh agus cuir i mo chliathán í. Ná bí díchreidmheach ach creidmheach.” D’fhreagair Tomás: “Mo Thiarna agus mo Dhia!” Dúirt Íosa leis: “De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú. Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid.”

# *Freagracht*

| | |
|---|---|
| Léitheoir | Is mór é an Tiarna, is mór é a neart. |
| **Tionól** | **Is mór é an Tiarna, is mór é a neart.** |
| Léitheoir | Tá a eagna gan teorainn. |
| **Tionól** | **Is mór é a neart.** |
| Léitheoir | Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naoimh. |
| **Tionól** | **Is mór é an Tiarna, is mór é a neart.** |

# *Tost/Iomann*

## *Seanmóir*

## *Ciúnas/Iomann/Idirphlé Ceoil*

## *Ár gCreideamh Coiteann a Cheiliúradh*

Ceannaire — "Is mé solas an tsaoil", a dúirt Íosa.
In go leor traidisiúin Chríostaí, le linn an bhaiste, tugtar coinneal lasta don té a bhaistear (nó don urraitheoir). Iarrann Íosa freisin ar a lucht leanúna a bheith mar sholas an tsaoil. Táimid ar fad faoi chomaoin ag solas Chríost aiséirithe. Faighimid an solas seo ó Chríost trí chéile.

*Lasann an Ceannaire an chéad choinneal agus roinneann sé an solas leo siúd atá in aice láimhe, agus roinneann siadsan an solas ar fud an tionóil ina dhiaidh sin.*

Ceannaire — Iarraimid anois ort an solas a roinnt lena chéile leis na focail, **"Solas Chríost".**

*Nuair a bheidh na coinnle go léir lasta, leanann an Ceannaire ar aghaidh:*

Ceannaire — Bíodh grá againn dá chéile, ionas gur féidir linn creideamh na hEaglaise a admháil d'aon aigne, ársa agus nua:

**Tionól** — **Creidimid in aon Dia amháin,**
**an tAthair Uilechumhachtach,**
**a rinne neamh agus talamh,**
**agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Creidimid in aon Tiarna amháin, Íosa Críost,**
**Mac aonghine Dé,**
**an té a rugadh don Athair sula raibh aon saol ann,**

**Dia ó Dhia, solas ó sholas, fíor-Dhia ó fhíor-Dhia,**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair.**
**Is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe**
**thuirling sé ó neamh;**
**ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na**
**Maighdine Muire,**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phontius Píoláit;**
**d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir.**
**Chuaigh suas ar neamh;**
**tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidimid sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair.**
**Tugtar dó adhrach agus glóir,**
**mar aon leis an Athair agus leis an Mac,**
**is é a labhair trí na Fáithe.**
**Creidimid san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Adhmhaímid an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas**
**na bpeacaí.**
**Agus táimid ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht.**
**Áiméan.**

*Ag deireadh na Cré cuirtear na coinnle in áit lárnach, agus lena linn sin cantar iomann, amhrán nó cantaireacht atá oiriúnach.*

# *Paidreacha an Idirghuí*

Ceannaire

In am seo an idirghuí nascaimid ár bpaidreacha sa lá atá inniu ann le creideamh na hEaglaise sa sean-am.

Léitheoir 1

Óir is ó neamhní a rinneadh gach ní, agus rachadh a mbeith ina neamhní arís, dá mba rud é nach gcoimeádfadh Údar greim láimh an rialachais orthu.
*(Naomh Gréagóir Mór [c. 540-604])*

**Tionól**

**A Thiarna na beatha, is ó do lámh agus ó do dheonú a thagann an cruthú go léir chugainn. Múin dúinn maireachtáil ar do dhomhan le cúram agus ceartas a lorg don uile rud a chruthaigh tú.**

Léitheoir 2

Is éard a thugaim ar an gcreideamh seo: an solas intuigthe ar de ghrásta a bhreacann sé san anam, tacaíonn sé leis an gcroí agus bronnann sé tíolacadh an dóchais.
*(Íosác Ninivé [An 7ú haois])*

**Tionól**

**A Dhia an ghrá, bronn orainn tíolacadh an dóchais go flúirseach i ndomhan atá suaite ag an deighilt agus an foréigean. Neartaigh do phobal atá buailte ag an bhfuarchúis agus an eagla.**

Léitheoir 1

Cá hionadh ansin más rud é go ndearbhaímid ar dtús go gcreidimid, agus sinn ag teacht chuig Dia féachaint air sin, nuair a fheicimid nach féidir fiú an saol coitianta a chaitheamh gan an méid sin. *(Rufinus Aquileia [c. 344-411])*

**Tionól**

**A Dhia atá trócaireach, maith dúinn na hamanna ar theip orainn saol coiteann a chaitheamh mar Chríostaithe. Tarraing sinn níos doimhne i leith creideamh amháin ionat ionas gur féidir linn fianacht a thabhairt don domhan.**

Léitheoir 2

Feiceann an fhírinne Dia, agus machnaíonn an eagna ar Dhia, agus as an dá rud sin tagann an tríú rud, eadhon lúcháir naofa aoibhinn i

nDia, arb é is grá ann.
*(Julian Norwich [c.1343- tar éis 1416])*

Tionól — **A Shólásaí neimhe, guímid gur mó ár muinín as tíolacadh d’fhírinne, d’eagna agus do ghrá ná i gciall ár smaointeoireachta.**

Léitheoir 1 — Tháinig solas Chríost agus chuir sé an ruaig ar dhorchadas an phríosúin a imíonn, naomhaigh sé ár mbreith, scrios sé an bás, laincisí ina rabhamar ceangailte á scaoileadh aige.
*(Irenaeus Lyon [c. 135-198])*

Tionól — **A Thiarna atá atruach, treoraigh sinn chun oibriú le chéile ionas go gcuirfimid do sholas agus do shaoirse cibé áit a bhfuil dorchadas agus cos ar bolg, fulaingt agus éagóir ann.**

Ceannaire — Mar dheartháireacha agus deirfiúracha Íosa, guímid le chéile sna focail a mhúin sé dúinn:

Tionól — **Ár nAthair...**

# *Iomann*

# *Urnaí Deiridh*

(arna ghlacadh ó phobal Bose)

Ceannaire — A Dhia Uilechumhachtach,
glac lenár moladh agus ár n-altú
as an méid a aontaíonn sinn cheana féin.
Go mbrostaí an uair a aithneoimid a chéile
san aon chomaoin amháin a bhí uait

agus a raibh do Mhac ag guí ar a son.
Moladh le Dia, anois agus go brách.

**Tionól** **Áiméan.**

# *Ag Seoladh Amach*

Léitheoir 1

Moladh le Dia agus Athair ár dTiarna Íosa Críost! D'athghin sé sinn as ucht a mhórthrócaire trí aiséirí Íosa Críost ó mhairbh, chun bheomhuiníne agus chun oidhreachta atá marthanach dothruaillithe, gan síothlú, oidhreacht atá in áirithe daoibh sna flaithis. Tá sibh anois do bhur gcumhdach tríd an gcreideamh ag Dia na bhfeart, le haghaidh an tslánaithe atá réidh lena fhoilsiú ag deireadh ré. Is údar lúcháire agaibhse é seo, fiú más dobrónach féin sibh ar feadh tamaill bhig de bharr trialacha den uile chineál, d'fhonn go bhfaighfí fíormhianach bhur gcreidimh, atá níos luachmhaire ná ór – rud atá somhillte cé go dtástáiltear sa tine é – ag dul chun molta agus onóra agus glóire tráth a fhoilseofar Íosa Críost. Ní fhaca sibh é, ach tugann sibh grá dó; agus ní fheiceann sibh anois féin é, ach creideann sibh ann, agus is lúcháireach sibh le háthas glórmhar dolabhartha, agus slánú bhur n-anam á ghnóthú agaibh mar thoradh ar bhur gcreideamh.
*(1 Peadar 1: 3 – 9)*

Ceannaire Go raibh an Tiarna libh.

**Tionól** **Agus leatsa.**

Ceannaire

An té arb é ár síocháin agus a rinne aon rud amháin dínn,
go bhfága sé go bhféadfaimid a chéile a chur i láthair Dé san aon Spiorad amháin.
agus beannacht Dé...

**Tionól** **Áiméan.**



**Is as An Bíobla Naofa a thógtar na hathfhriotail scrioptúir anseo istigh, cóipcheart © 1981, arna fhoilsiú ag An Sagart, agus is de chaoinchead a úsáidtear iad. Gach ceart ar cosaint.**

**Creidiúintí grianghrafadóireachta:**
Grianghraf clúdaigh, lch. 13 agus lgh. 14-23: Leo Lintang / Alamy Stoc Photo.
Clúdach cúil: Pixabay / Pexels

## Nóta faoin leagan den Chré atá sna hacmhainní seo:

Maidir le téacs an Chré atá san áireamh sa tseirbhís adhartha, is é an leagan de Chré Nícé Chathair Chonstaintín é, leagan a úsáidtear de ghnáth le linn Tionóil Ghinearálta Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí agus imeachtaí éacúiméineacha eile.

Agus tagairt á déanamh don Spiorad Naoimh, fágtar ar lár an clásal 'filioque' mar a thugtar air – 'agus an Mac' – i ndiaidh na habairte 'a rugadh ón Athair'. Ní raibh an clásal sin i dtéacs an Chré a glacadh ag Comhairle Nicaea (325) ná ag Comhairle Chonstaintín (381), ach cuireadh isteach é san Iarthar sa séú haois, ionas go gcuirfí béim ar dhiadhacht an Mhic i gcomparáid leis an eiriceacht Airiasach. Cúis díospóide idir an tOirthear agus an tIarthar ab ea é sin ar feadh na gcéadta bliain ó cuireadh isteach é agus tá sé ina ábhar plé éacúiméineach tábhachtach le blianta beaga anuas. Fágtar ar lár sa téacs freisin clásal 'Deum de Deo' – "Dia ó Dhia" – agus tagairt á déanamh don Mhac, a bhí sa Chré ag Nicaea ach a fágadh ar lár ón leagan a glacadh ag Cathair Chonstaintín in 381.

Is éard a mhol tuarascáil 1981 Choimisiún Creidimh agus Ordaithe Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí, a bhfuil an Eaglais Chaitliceach Rómhánach ina lánchomhalta di: "Is é bunleagan an tríú halt den Chré, gan an 'filioque', ba cheart a aithint i ngach áit mar an bunleagan normatach agus an leagan a athchóiríodh, ionas gur san fhoirmle sin a fhéadfaidh an pobal Críostaí go léir a gcreideamh coitianta sa Spiorad Naoimh a admháil". [1] Cé go bhfuil an clásal 'filioque' fós ina chuid de thraidisiún liotúirgeach na Laidine agus roinnt Eaglaisí eile an Iarthair, fágann Easpaig na Róimhe é ar lár agus iad i mbun an Chré a reacaireacht i dteagmhálacha éacúiméineacha le ceannairí Eaglaisí an Oirthir. I ndoiciméad de chuid na Vatacáine in 1995: "Aithníonn an Eaglais Chaitliceach an luach comhairleach, éacúiméineach, normatach agus neamh-inchúlghairthe, mar léiriú ar an gcreideamh coiteann amháin atá ag an Eaglais agus ag gach Críostaí, ar an tSiombail a shaothraigh an Dara Comhairle Éacúiméineach as Gréigis i gCathair Chonstaintín in 381. Aon ghairm chreidimh a bhaineann go sonrach le traidisiún liotúirgeach ar leith, ní féidir léi teacht salach ar an léiriú sin ar an gcreideamh a mhúineann agus a dhearbhaíonn an Eaglais neamhroinnte." [2]

[1] Páipéar 103 um an gCreideamh agus an tOrdú de chuid WCC, *Spirit of God, Spirit of Christ: Ecumenical Reflections on the Filioque Controversy* (1981).

[2] Pontifical Council for Promoting Christian Unity, *The Greek and Latin Traditions regarding the Procession of the Holy Spirit* (1995).

# Lá 4

## Mistéir na Cásca: Ionchollú, Paisean, Bás agus Aiséirí Íosa

### Léamha Scrioptúir

Filipigh 2:8-9

Eaxodus 3:1-6

Íseáia 9:6-7

### Tráchtaireacht

Sa chreideamh labhraímid faoi dhaonnacht Chríost, faoi umhlaíocht Chríost, agus faoin mbás ar an gcrois. Dá mhíchompordaí an bás, go háirithe sa chultúr seo atá inniu ann atá gafa leis an tsláinte, ba chuid den traidisiún agus den chomhrá Críostaí i gcónaí an bás. Tar éis an tsaoil, is féidir mínéatacht a bheith ag baint le bheith i do dhuine: déanaimid botúin; léirítear dúinn ár dteorainneacha corpartha agus ár dteipeanna; gortaímid daoine eile; faighimid bás. Scriostar an bás mar gheall ar obair athfhuascailte Chríost ar an gCrois agus tagann gealltanas na beatha síoraí le Dia léi. Tugann seo dúinn an mhuinín go bhfuil grá ag Dia a mbaineann trócaire agus maithiúnas leis. Arsa Irenaeus (easpag a bhí ann sa dara haois): 'Bhí Dia an tAthair thar a bheith trócaireach: sheol sé a Bhriathar Cruthaitheach uaidh, agus nuair a tháinig sé ag triall orainn chun sinn a fhuascailt, tháinig sé go dtí an áit agus an láthair inar chailleamar an bheatha agus inar bhriseamar ceangail ár laincisí. Nochtadh a sholas agus ruaig sin dorchadas an phríosúin, naomhaigh sé ár mbreith, agus scrios sé an bás.' Ní siar uainn a sheas Dia, ach tháinig sé 'go dtí an áit agus an láthair' inar aimsíodh peaca, fulaingt, agus bás, díreach i lár an tsaoil dhaonna.

*'Tá an dóchas faoi mar a bheadh éan a bhraitheann breacadh an lae agus a thosaíonn ag canadh go cúramach agus é fós dorcha.' (Anaithnid)*

### Ceisteanna

1. Tá a fhios againn go bhfaighidh muid go léir bás. Cén chabhair an creideamh go scriosfaidh Íosa an bás maidir le haghaidh a thabhairt ar an bhfírinne sin?
2. Conas is féidir spreagadh a thabhairt dóibh siúd atá thart timpeall orainn chun breathnú ar dhosheachantacht an bháis agus aghaidh a thabhairt ar a n-eagla agus ar eagla daoine eile?
3. Is ábhar é seo atá deacair ar go leor daoine. Conas is féidir muid féin a chur ar fáil le creideamh, le dóchas agus le comhbhá chun siúl taobh leo i suíomh níos leithne?

## *Machnamh*

Bíonn báisteach ann, ach ní bhíonn díle –
Tagann an tsíocháin i réim –
Leathnaítear an áilleacht –
Bíonn oscailt,
Bíonn cumhracht,
Bíonn iomann an mholta ann,
Iomann gan focal.

Doimhneacht na láithreachta,
Tocht an mothúcháin,
Na deora agus iad measctha le buíochas.
Tá sin le cur ar eolas.
Ligtear dó.

Círéibeacha teasa ina slaodaibh.
Iad ag sreabhadh leo go deo is go
 malltriallach.
Déantar láithreacht an numanaigh
A ghabháil
Ó laistigh agus lasmuigh
Duine simplí.

Cad iad na gealltanais atá ag fanacht
Nuair a fhágann an fheoil lena fuascailt
Chun bheith ina spiorad?

Déanfaidh Spiorad agus Spiorad a Trí
 rince le chéile,
Rince na ríle,
Ó lasmuigh den am,
Agus déanfar rince isteach i ngach
 rud nua.

## *Paidir*

A Íosa aiséirithe,
Cuidigh liom tuiscint a fháil ar an dea-
 scéal gur bhain tú an chealg den bhás,
agus gur thug tú dóchas glórmhar dúinn
 go léir dá réir.
Tóg mo chuid eagla agus imní agus lig
 dom glacadh leis an bhfírinne
 go hiomlán.
Mairfidh mé i m'fhinné do dhaoine eile.
Labhróidh faoi chreideamh, dóchas
 agus grá. **ÁIMÉAN.**

## *Téigh agus Déan*

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** An bhfuil plean agat do do bhás féin? Tóg do chuid imní faoin mbás chuig Dia i bpaidir. Labhair le duine éigin a bhfuil muinín agat as faoi cad ba mhaith leat go dtarlódh sé nuair a gheobhaidh tú bás.

**Áitiúil:** Tabhair grúpa daoine le chéile i d'eaglais chun labhairt faoin mbás. Iarr cabhair ó eagraíochtaí agus ó charthanais áitiúla chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna cosúil le huacht a dhéanamh, dobrón agus cad is bás maith ann.

**Domhanda:** Smaoinigh ar conas is féidir leat tacú le gluaiseacht ospíse agus cúraim mhaolaithigh i dtír eile.

# Lá 5

## Spiorad Naomh, anáil Dé

### Léamha Scrioptúir

Eoin 20:19-23

Eizicéil 37:9-14

Salm 104:24-34

### Tráchtaireacht

Chuir Spiorad Dé beatha san anam trína anáil riamh anall. Cuidíonn cuid dár dtéacsanna ársa linn tuiscint níos doimhne a fháil ar obair an Spioraid agus ar an gcuireadh a fuaireamar glacadh le tíolacadh an Abhcóide dhil sin.

Iarrann an Spiorad orainn aghaidh na talún a athnuachan, ag glacadh páirte in obair an mhaithiúnais agus an leighis. Ní féidir linn an t-iarratas seo a chaitheamh amach uainn féin, ach ní mór dúinn bronntanas Spiorad Dé a fháil ionainn, díreach mar a bhailigh na deisceabail sa seomra uachtarach. San am sin dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Síocháin oraibh!', agus thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chliathán, agus d'análaigh sé orthu.

Iarrtar orainn mar an Eaglais an aontacht sa Spiorad a choinneáil agus a chothú. Nuair a mhairimid i bhfad ón Spiorad caillimid ár n-anáil agus fillimid ar an luaith, ach nuair a fhéachaimid ar Íosa i gcomhair na beatha agus na hanála, athchruthaítear muid le haghaidh na hoibre athnuachana agus chun comhchruthú aisling Dé a thabhairt chun fírinne anseo agus anois. 'Is é seo an Spiorad ar dá bhua a dhéantar an grá lena gcoinnímid na haitheanta diaga a dhoirteadh amach inár gcroíthe, trí ghrá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa.' Is é ár gcomhghairm agus ár gcomhchuspóir é agus sinn á seoladh isteach sa saol.

### Paidír

A Dhia, Bronntóir na Beatha, Solas an
tSaoil, anáil na bhFlaitheas,
an t-aon Dia amháin ar trí huaire
naofa é –
Is beannaithe thú san am atá thart, san
am i láthair agus sa todhchaí.
Admhaímid ár gcreideamh
coitianta ionat.
Déanaimis gairdeas sa Spiorad,
a athnuann aghaidh na talún
agus a tharraingíonn sinn i dtreo
na haontachta.
Tabhair maithiúnas dúinn nuair a
bhíonn drochbholadh ar ár n-anáil.
Las sinn le do thine Chincíse,
chun go labhróimis fírinne an tsoiscéil
a thugann saoirse agus an beatha.
Múscail ár bpaidreacha agus cuir
feoil orthu
agus muid ag obair in éineacht leat,
chun gur mhaith agus gur iomlán,
an cruthú go léir.

# Machnamh

Guairneán deannaigh ina ghluaiseacht
ar aghaidh na talún,
láithreacht dholáimhsithe ar foluain os
cionn an uisce,
preabadh lasrach agus smut den smúit.
Is ann,
is ann atá tú.
Ag análú, ag damhsa, ag friotháil, ag
tabhairt dúshlán, tú le lán brí.
Trí do anáil,
déantar feoil agus cnámh de d'aislingí
don domhan,
iad beo ar do ghrá,
is féidir linn a bheith inár ndamhsóirí
tine, inár n-análaithe síochána agus
ina gcroiteoirí cnámh.

# Ceisteanna

1. Cén áit a bhraitheann tú an gá atá i do shaol féin le hanáil an Spioraid chun beatha agus iomláine a thabhairt? Guigh chun anáil Dé a athbheochan.
2. Cá bhfeicimid an Spiorad Naomh agus é ar obair, ag sárú ár ndeighiltí agus ag tarraingt sinn isteach in aontacht níos doimhne?
3. Déanann Spiorad Dé aghaidh an domhain a athnuachan gach lá – sa domhan mórthimpeall orainn agus níos faide i gcéin – cén áit inar féidir a aithint gur fíor sin, agus cén áit a mothaímid go bhfuil gá ar leith le hathnuachan?

# Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Foghlaim conas an t-análú a úsáid i bpaidir. Déan paidir de chantaireacht ghearr nó de 'phaidir anála'. Iarr ar an Spiorad Naomh tú a threorú.

**Áitiúil:** Smaoinigh ar bhealaí éacúiméineacha chun teagmháil a dhéanamh le heaglaisí eile in aice leat, ní amháin le linn Sheachtain na hAontachta Críostaí, ach i rith na bliana.

**Domhanda:** Gach Feabhra, déanann eaglaisí ar fud na Ríochta Aontaithe ceiliúradh ar Racial Justice Sunday [Domhnach an Cheartais Chiníoch]. Cad atá á dhéanamh ag d'eaglais chun freagairt d'éagóir an chiníochais agus an idirdhealaithe sa Ríocht Aontaithe agus ar fud an domhain? Guigh le chéile ar son eagna an Spioraid agus tú ag iniúchadh na ceiste seo.

# Lá 6

## An Eaglais: Pobal na gcreidmheach

### *Léamha Scrioptúir*

Íseáia 2:2-4

Salm 133

Eifisigh 4:1-6

### *Tráchtaireacht*

Iarrtar orainn maireachtáil le humhlaíocht agus le ceansacht, le foighne, a bheith ag plé lena chéile i ngrá, ag déanamh gach iarracht aontacht an Spioraid a choinneáil i mbanna na síochána.

Mar an Eaglais ní mór dúinn Íosa a lorg i gcomhair an nirt agus na humhlaíochta chun ár ngairm a mhaireachtáil, ní hamháin laistigh dár bpobail adhartha agus ar bhealach éacúiméineach, ach lasmuigh dár seomraí uachtaracha: ar bhóithre Éamáús, ag roinnt scéalta le chéile a dhéanann sinn a fhréamh inár scéal coiteann; bailithe ar chladaigh áit a dtugann Críost aiséirithe ár ndúshlán a chaoirigh a bheathú; sna spásanna agus sna háiteanna a bhfuil a fhios againn nach mór iad a chlaochlú.

Bailíonn Íosa le chéile sinn mar bhrídeog dá chuid, atá comhdhéanta (mar a dúirt Maximus na Faoistine) de 'go leor daoine éagsúla a bhfuil difríocht mhór eatarthu maidir le tionscnamh agus cuma, náisiún agus teanga, slí mhaireachtála agus aois, eolas agus ealaíon, modh maireachtála, nósanna agus claonais, eolaíochtaí agus onóracha, cinniúint, meon agus nósanna, tá siad go léir [san eaglais], trína ndéantar iad go léir a athghiniúint agus a athchruthú sa Spiorad.'

Is pribhléid é a bheith mar chuid de phobal chomh saibhir agus chomh héagsúil sin a bhfuil gairm choiteann aige deisceabail a dhéanamh, síocháin a thabhairt agus oibriú le chéile chun bealaí Dé a fhoghlaim agus chun siúl ar chosáin Dé agus muid ag taisteal i dtreo Ríocht Dé a thabhairt chun fírinne i ngach pobal agus i ngach cúinne den chruthú.

### *Paidir*

A Dhia ár n-aistear,
A Chríost ár gcladach,
Spiorad na léaslínte éigríochta,
Fáiltígí romhainn chun na haontachta.
Tabhair ár ndúshlán teacht amach as ár
    seomraí uachtaracha agus ár
    spásanna sábháilte,
le go mbeimis inár lucht seachadta an
    tsolais agus na síochána.
Tabhair dúinn solas do ghrá,
tabhair sinn chun athmhuintearais
linn féin,
le chéile
agus leatsa
nuair a thugaimid aghaidh ar scannal na
    deighilte.
Oibrigh síocháin, grá agus comhbhá

inár misean agus inár ndeisceabal.
Ceangail le síocháin aon ghéag bhriste
go rachaimis isteach sa saol
agus go mairfimis beo ar bhealach Íosa
ar mhaithe leis an gcruthú go léir.

## Machnamh

Caitheadh a cuid craobhacha tharam
agus cruthaítear leis sin scáth
na síochána.
Is cuimhin liom laethanta ailcín
agus mé ag druidim gan dua chun suain.
Do mhais stóchúil mar thaca agam, mo
shúile agus iad leathdhúnta
Tugaim faoi deara solas breactha trí
na duilleoga
iad ag imlíniú cúinní m'anama,
agus caitheamh solais ar bhrionglóidí a
bhí marbh tráth.
Dhúisigh mé le hoscailt a blátha,
í geal, í saibhir le dóchas
í scaipthe ag an ngaoth, spréachta, agus
fuadar fúithi
ag imeacht di trí shráideanna fada gan
dúil agus gan fhís.

## Ceisteanna

1. Tugtar solas Chríost ar an Eaglais ar fud an domhain, cén áit a bhfeiceann tú gur fíor sin agus cad iad na bealaí a bhfuil sé ag tarlú?
2. I gCríost is aon eintiteas amháin í an Eaglais – An bhfaca tú gur fíor sin, agus cá bhfaca tú deis le haghaidh tuilleadh comhchruthaithe?
3. An Eaglais, mar phobal an Spioraid Naoimh, bronntóir na síochána, seoltar í chun teachtaireacht na síochána a mhaireachtáil agus a scaipeadh ar fud an domhain. Cad iad na bealaí a bhféadfadh do chuid eaglaisí áitiúla cur ar chumas a gcuid ball an glao seo a chomhlíonadh?

## Téigh agus Déan

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Déan machnamh ar an gcaoi a láimhseálann tú an t-easaontas. Déan iniúchadh ar bhealaí chun droichid a thógáil le daoine a bhfuil tuairimí difriúla acu le do thuairimí féin.

**Áitiúil:** 'Ní hí an eaglais an eaglais ach amháin nuair atá sí ann do dhaoine eile' (Dietrich Bonhoeffer). Déan iniúchadh ar bhealaí ina dtéann do phobal eaglaise i ngleic leis an ngairm chun na beithe ar mhaithe le daoine eile?

**Domhanda:** Faigh amach níos mó faoi cad atá á dhéanamh ag eaglaisí chun gníomhú ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda trí eagraíochtaí mar Christian Aid agus CAFOD.

# Lá 7

## Baisteadh i mBás agus Aiséirí an Tiarna

### Léamha Scrioptúir

Míocá 7:18-19

Salm 51:1, 10, 12

Matha 28:16-20

### Tráchtaireacht

Ag deireadh an 4ú haois, scríobh John Chrysostom i gCathair Chonstaintín go mbronnann Dia orainn a lán dá ghrásta orainn le linn an Bhaiste: Tagann sé mar a bheadh tine isteach inár n-anamacha, ag athrú ár méine ina hór, ag dó 'íomhá na ndaoine saolta', agus ag táirgeadh 'íomhá na bhflaitheas,' a bhí úrcheaptha, geal agus glioscarnach, amhail ó mhúnlú na foirnéise'.

Ambrose de Milano, a bhí ag scríobh thart ar an am céanna, dúirt sé siúd: ‘Níor thóg tú d’aghaidh i dtreo na bhflaitheas, chaith tú do shúile i leith an domhain, agus go tobann, fuair tú grásta Chríost ... Tóg, dá bhrí sin, do shúile i dtreo an Athar, is é a ghin tú tríd an mbaisteadh, i dtreo an Athar, a d'fhuascail tú tríd an Mac, agus abair, “Ár nAthair!” An rud a dhírigh ár radharc síos, faoi náire, i leith dheannach agus shalachar mhianraí na talún, anois scaoileann sé ár súile chun na bhflaitheas agus sinn ag liú ‘Abba, a Athair’.

### Machnamh

Chuir Críost do chúlra faoin gcré
tá sé sa tuama ina theannta
ionas gur féidir leat a ardú
i mbroinn Dé an ghrá
chuig an saol nua
– tosaigh arís –
ardaigh go deo
sin é do dhán diaga.
Tá Dia ag tabhairt aire do do thodhchaí.
Todhchaí is ea í atá ina síoraíocht.
Tá tosaithe cheana féin aici.
Tá tú ar maos léi, a Chríostaí,
tá sí ag sileadh uait.

### Paidír

Le buíochas is airde ná aon teanga a
  d’fhéadfadh a bheith ann
molaimid thú, a Thiarna, agus
  móraimid d'ainm.

Ghlaoigh tú orainn muinín a bheith
  againn as an gcreideamh
  sa bhaisteadh,
as an gcomaoin a roinnimid sa
  Chúnant Nua,
ar son na haontachta atá againn cheana
  féin agus as do láithreacht san
  Eaglais naofa:
molaimid thú, a Thiarna, agus
  móraimid d'ainm.

As fianacht a thabhairt do na Críostaithe
a d'fhulaing géarleanúint,
as fulaingt a gcuid mairtíreachta,
as a rannpháirtíocht i bpaisean Chríost:
molaimid thú, a Thiarna, agus
móraimid d'ainm.

As seirbhísigh uile na comaoine,
astu siúd atá ag guí agus ag obair ar son
athmhuintearais na n-eaglaisí,
astu siúd a leagann síos a saol i seirbhís
na haontachta
molaimid thú, a Thiarna, agus
móraimid d'ainm.

Go mbrostaí ar an lá, impímid ort,
an lá a gheobhaidh ár n-eaglaisí
lán-chomhaitheanteas
an chomaoin a theastaíonn uait,
agus a ndúirt do Mhac paidir ina leith.
Iarraimid seo i gcumhacht an Spioraid
Naoimh. **ÁIMÉAN**.

## *Ceisteanna*

1. Déantar Críostaithe a bhaisteadh sa ghrá dinimiciúil arb é bás agus aiséirí Chríost. Cad a chiallaíonn do bhaisteadh inniu?

2. Cuireann an pheacaíocht as ár riocht sinn ar bhealaí éagsúla, ar bhealach pearsanta agus ar fud chreatlach ár bpobail. Tríd an mbaisteadh, saorann Dia sinn. Conas is féidir leat a bheith ag maireachtáil sa tsaoirse sin agus sna féidearthachtaí cruthaitheacha a bhaineann le grá do dhaoine eile i do cheantar?

3. I bhfianaise na dtraidisiún agus na gcleachtas eaglaise éagsúil atá tagtha anuas chugainn, cén tionchar a bhaineann le "aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin" (*Eifisigh 4:5*) a rá le chéile difear maidir lenár gcaidreamh le Críostaithe eile i gcian agus i gcóngar?

## *Téigh agus Déan*

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Smaoinigh ar nóiméad claochlaitheach i do thuras creidimh. Déan do mhachnamh a roinnt le daoine eile.

**Áitiúil:** Eagraigh siúlóid éacúiméineach nó oilithreacht in éineacht le Críostaithe ó thraidisiúin eile.

**Domhanda:** Cad óna bhfuil tú saor mar gheall ar do chreideamh? Cad é atá tú saor le déanamh anois? Smaoinigh ar conas is féidir leat cumhacht saoirse an chreidimh a mhaireachtáil trí ghníomhú chun cabhrú leo siúd atá faoi chois a shaoradh.

# Ag Fanacht leis an Ríocht

## Léamha Scrioptúir

Taispeáint 21:1-4

Salm 85:8,10-12

Lúcás 12:35-40

## Tráchtaireacht

Tugann Cré Nícé le fios go bhfuilimid ag tnúth le haiséirí na nithe atá marbh agus leis an saol sa ré atá le teacht. Mar Chríostaithe creidimid i ndóchas, fiú sna háiteanna is dorcha, fiú sa bhás. Is é grá claochlaitheach Dé a thugann orainn dóchas a bheith againn. Scríobh Íosác Ninivé, 'cibé duine a mhaireann i ngrá sa chruthú seo, análaíonn sé an saol a thagann ó Dhia', agus dearbhaíonn sé 'gur leor an grá chun cothú a dhéanamh.'

Tá an grá i gcroílár ríocht Dé, anseo ar talamh agus ar neamh, áit nach mbeidh bás ná deighilt níos mó ann, áit a scriosfar na deora go léir. Agus muid ag guí ar son aontacht Chríostaí níos mó sa saol seo, táimid chun saol an ghrá agus na seirbhíse do dhaoine eile a mhaireachtáil. Ba é Críost saol an ghrá ina chrutaon. Is éard a scríobh Dorothee Solle 'shoiléirigh Críost Dia trí dhaoine a bhí dofheicthe a dhéanamh sofheicthe - na bhoicht, na mná, na daoine go léir ar baineadh a gceart díobh.' Agus aontacht níos mó á saothrú againn, oibrímid chun grá Dé do chách a chur in iúl agus táimid ag fanacht le dóchas go gcomhlíonfar Ríocht Dé.

## Paidír

A Dhia an dóchais, geallann tú go
dtiocfaidh Ríocht na bhFlaitheas
ar oidhreacht chucu siúd atá bocht
ó spiorad.
Tabhair saol nua dóibh siúd a bhfuil
muinín agat astu.
A Chríost, tá a fhios agat pian
na deighilte, ach sa bhrón dúinn
múineann tú dúinn bealach
an tsóláis.
Cabhraigh linn cuimhneamh gur tú an
t-aoibhneas nach féidir a bhaint.
A Íosa, caitheann tú síos uait lucht
na cumhachta, agus geallann tú
go gcuirfidh tú gúna glórmhar ar
lucht déanta na síochána, Leanaí
Dé á dtabhairt agat orthu.
Déan dínn iompróirí do
chuid síochána.
A Chríost na trócaire agus na hatrua,
mhaitheamh tú an gadaí a fuair bás
in éineacht leat ar an gcrois.
Cuimhnigh orainn go léir nuair a
thiocfaidh tú isteach i do ríocht.
**ÁIMÉAN**.

## *Machnamh*

Cad é an t-aoibhneas atá sa dóchas?
Cad é an t-aoibhneas atá san aontacht?
Tá ocras ar an mbóthar orainn,
agus i nDia cothaítear sinn.
Cén uair a bheimid sásta?
Ní bheimid sásta go mbeathaímid ár ndeirfiúracha agus ár ndeartháireacha.
Ní mór an teagmháil leis an daonnacht, ní mór fáilte a chur roimh an strainséir.
Lámh ar an gcruthú agus sinn ag breathnú agus ag fanacht.
Ar feadh tréimhse ina mbuaileann an fhíréantacht agus an tsíocháin le chéile.

Coinnigh do lampaí á ndó, agus fan ar faire.
Mar tá aoibhneas san aontacht, agus tá aoibhneas sa dóchas.
Leis an dóchas seo, canaimid "alleluia".

## *Ceisteanna*

1. Smaoinigh ar an gcaoi a bhfuil tú ag léiriú comharthaí na Ríochta atá le teacht ar fud an domhain inniu.
2. I gCaibidil 12 de Lúcás iarrtar orainn ár lampaí a choimeád á ndó agus chun bheith ullamh do theacht na Ríochta. Cén t-ullmhúchán atá na heaglaisí i do cheantar áitiúil a dhéanamh?
3. Cá bhfeiceann tú comharthaí dóchais sa lá atá inniu ann?

## *Téigh agus Déan*

(www.ctbi.org.uk/goanddo)

**Pearsanta:** Cé hiad a mhothaíonn go bhfuil siad dofheicthe nó go bhfuil dearmad á dhéanamh orthu ar ár ndomhan sa lá atá inniu ann? Cad is féidir leat a dhéanamh chun teagmháil a dhéanamh le duine sa phost sin?

**Áitiúil:** Faigh amach faoi dhuine aonair nó faoi phobal atá tiomanta do dhóchas a thabhairt do dhomhan comhroinnte. Smaoinigh ar conas is féidir leat féin agus d'eaglais a sampla a leanúint nó páirt a ghlacadh ina gcuid oibre.

**Domhanda:** Faigh tuilleadh eolas faoi Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí ag www.oikoumene.org . Conas is féidir leat tacú le hobair WCC chun aontacht Chríostaí a chur chun cinn trí urnaí agus trí ghníomhaíocht?

# AN tSEACHTAIN GHUÍ LE hAONTACHT CHRÍOSTAÍ 2025



ctbi.org.uk/weekofprayer
weekofprayer.org

X (Twitter): #wpcu2025
#wpcuwall

**Foilsitheoirí:**

**Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire**

Interchurch House
35 Lower Marsh
London SE1 7RL
info@ctbi.org.uk,
Fón: 0203 794 2288

Uimh. Charthanachta cláraithe. 1113299.
cuideachta faoi theorainn ráthaíochta,
Uimh. Charthanachta cláraithe. 5661787

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©